



An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS AN ÚDARÁIS PINSEAN, 2016

www.pensionsauthority.ie

CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Rialtóra Pinsean	4
An tÚdarás Pinsean	6
Cuspóirí an Údaráis a bhaint amach	7
Coiste an Údaráis	11
NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016.....	12
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	13
Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis	14
Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais	15
Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe	16
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach	17
Ráiteas ar an staid airgeadais	18
Ráiteas ar shreafaí airgid	19
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	20
Aguisín I Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2016.....	33
Aguisín II Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)	34



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Pinsean (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de réir Alt 23(2) d’Acht na bPinsean, 1990, arna leasú (“Acht na bPinsean”).

Tosaíochtaí

Is iad tosaíochtaí an Údaráis scéimeanna pinsin ceirde agus Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) in Éirinn a mhaoirsiú, a fheabhsú agus tacú leo. Léiríonn an obair seo a thábhachtaí atá na pinsin sin chun na caighdeáin mhaireachtála a choinneáil nuair a bhíonn daoine ar scor. Is é an pinsean Stáit bunchloch an ioncaim scoir agus is é sin mar a bheidh cúrsaí amach anseo freisin: mheas beagnach leath de na hoibrithe (48%) san aoisghrúpa idir 55 agus 69 mbliana gurbh é an pinsean Stáit a bheadh i bpríomhfhoinsí a n-ioncaim agus iad ar scor¹. Mar sin féin, in ainneoin an ról rithábhachtaigh sin, is laghdú mór sa chaighdeán maireachtála a bheadh sa phinsean Stáit leis féin do go leor daoine. Tá sé léirithe i suirbhéanna ón Údarás Pinsean agus ó eagraíochtaí eile go mbíonn an chuid is mó de dhaoine ag súil le hioncam níos airde agus iad ar scor, agus is é sin an ról mór atá ag pinsin fhorlíontacha.

Tugtar tús áite i gcónaí don obair mhaoirseachta a bhíonn ar siúl ag an Údarás ar chomhlíonadh. Faoi mar a léirítear sa tuarascáil seo, tá leibhéal íseal mí-leithghabhála ann cé gur ábhar imní é sin i gcónaí. Mar sin féin, léiríonn ár gcuid oibre gur minic nach sásúil a bhíonn cáilíocht an rialachais agus an riaracháin ar phinsin. Tagann torthaí laga do bhaill na scéime pinsin chun cinn mar thoradh air sin agus, sna cásanna is measa, cailltear airgead dá bharr. Is ionann coigilteas i bpinsin mhaoinithe agus thart ar €100 billiún de choigilteas, agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí an coigilteas sin a bhainistiú ar chaighdeán ard lena bhféadfadh an pobal a bheith ag súil.

Amhail rialtóir ar bith, is gá dúinn cothromaíocht cheart a aimsiú inár gcuid oibre idir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus gníomhaíochtaí tacaíochta. Beidh leibhéal chomhlíonta níos airde ann nuair is léir do na daoine atá faoi réir rialála na hoibleagáidí sonracha a bhíonn orthu agus na gníomhartha atá riachtanach le bheith comhlíontach. Chuir earraí na bpinsean fáilte roimh an treoir atá foilsithe go dtí seo, agus tá an tÚdarás tiomanta don treoir sin a choimeád agus a fhairsingiú.

Imeacht mór do chúrsaí pinsin in 2016 ab ea glacadh Threoir AE maidir le pinsin ar a dtugtar IORP de ghnáth. Is é Eanáir 2019 an spriocdháta chun an treoir a thrasú sa dlí náisiúnta. Dúshlán a

bheidh ann cloí leis an spriocdháta sin mar thoradh ar a chasta atá cúrsaí pinsin agus an gá atá ann go leor ama a thabhairt do scéimeanna pinsin agus don earraí dul in oiriúint do na riachtanais nua. Ar an ábhar sin, is tosaíocht mhór don Údarás a bheidh san obair ar IORP II don dá bhliain amach romhainn. Cuimseofar leis an obair sin tacaíocht theicniúil agus comhairle a thabhairt don Roinn Coimirce Sóisialaí, na hathruithe riachtanacha a ullmhú dár maoirseacht ar phinsin, agus dul i mbun cumarsáide leo siúd a dtéann na hathruithe i bhfeidhm orthu agus tacú leo sin.

Cé nach bhfuil aon athruithe i gceist leis an Treoir nua go teoiriciúil, tá sainmhíniú níos sonraí ann ar oibleagáidí agus ar ionchais na ndaoine a bhíonn i mbun scéimeanna pinsin a bhainistiú. Iontaobhaithe is ea iad sin in Éirinn. Forchuireann an Treoir oibleagáidí sonracha ar gach tír freisin lena chinntiú go ndéanann an rialtóir maoirseacht ghníomhach ar na hoibleagáidí sin. Cuspóir atá leis an Treoir ná tacú le cultúr maoirseachta atá réamhghníomhach agus bunaithe ar rioscaí, agus beidh athrú mór i gceist lena cur chun feidhme do phinsin na hÉireann.

Tá riachtanais na Treorach nua ar aon dul le tuairimí an Údaráis maidir leis na hathruithe riachtanacha ar an gcóras pinsin atá tiomanta do na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach. Táimid ag leanúint de bheith ag obair leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun na tograí sin a fhorbairt, agus táimid ag súil le dul chun cinn eile sa bhliain atá amach romhainn.

Athchóiriú ar phinsin

Bliain dhúshlánach do scéimeanna pinsin a bhí sa bhliain seo a chuaigh thart. Go háirithe, tá dliteanais na scéime tar éis dul i méid mar thoradh ar rátaí ísle úis, agus tá an scéal níos measa arís mar thoradh ar bheartas airgeadais. Chuir sé sin borradh faoin treocht amach ó shochar sainithe i dtreo ranníocaíocht shainithe. Tá an tÚdarás an-fheasach ar an deacracht a bhaineann leis sin.

Tá tús áite á thabhairt ag an Údarás i gcónaí don ghá atá le hathchóiriú ar phinsin. An cuspóir is gá a bheith againn ná gur féidir le gach ball den scéim a bheith muiníneach go ndéantar dea-bhainistiú agus maoirsiú ceart ar an scéim. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin toisc nach mbíonn rogha ag formhór na mball maidir leis an scéim inar féidir leo dul isteach. Anuas air sin, má mhéadaítear an cuimsiú pinsin mar thoradh ar chóras coigiltis uilíoch scoir a thabhairt isteach, féachfar níos géire ar cháilíocht na bainistíochta pinsin ar an gcoigilteas sin.

¹ An Phríomh-Oifig Staidrimh – An Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, 2015.

Is ar eispéireas na mball atá gníomhaíochtaí athchóirithe an Údaráis dírithe. Go háirithe, i gcás scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe, is ábhar imní atá sa chostas a ghearrtar ar na baill agus an fhaisnéis a thugtar dóibh. Ní féidir ach le hiontaobhaithe atá gníomhach agus eolasach aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá fianaise láidir idirnáisiúnta ann gur dóichí go mbíonn luach níos fearr agus torthaí níos fearr ag baint le scéimeanna pinsin níos mó. Cuid lárnach de chuspóir an Údaráis ná go laghdófar líon na scéimeanna. Ar an ábhar sin, bainfear leas níos fearr as an líon iontaobhaithe atá eolasach agus tiomanta, agus cuirfear ar chumas an Údaráis maoirseacht thacúil níos mionsonraithe a fheidhmiú ar gach scéim ar leith.

Trí scéim a athrú ó shochar sainithe go ranníocaíocht shainithe, is iad baill na scéime a bheidh freagrach as a gcinntí infheistíochta féin a ghlacadh agus as na rioscaí a bhaineann leis sin a iompar. Ní bhíonn formhór na mball i scéimeanna le ranníocaíocht shainithe muiníneach as na cinntí sin a ghlacadh. Tá sé fíor freisin i gcás cuid de na baill atá muiníneach nár cheart dóibh a bheith chomh muiníneach sin. Is iomaí cúis atá leis an easpa muiníne sin, lena n-áirítear an chaoi a gcuirtear na cinntí infheistíochta sin i láthair, na roghanna a thugtar do na baill, agus an tuiscint atá ag na baill ar éifeachtaí a gcinntí. Is féidir gach ceann de na réimsí sin a fheabhsú, agus tá na feabhsuithe sin i measc na gcuspóirí atá ag baint le mianta athchóirithe an Údaráis.

Is dúshlán atá san infheistíocht fhadtéarmach, mar sin féin, agus tá teorainn le cumas na ngnáthbhall de na scéimeanna sin cinntí eolasacha a ghlacadh maidir le hinfeistíocht. Ní mór d'iontaobhaithe scéimeanna den sórt sin a chinntiú gur straitéis dhea-ullmhaithe atá sa straitéis réamhshocráithe agus go bhfuil ionchais shoiléire ann don scor. Cé nach féidir na hionchais sin a ráthú, beidh iarracht na n-iontaobhaithe dírithe ar na hionchais sin a bhaint amach. Dá mbeadh an straitéis infheistíochta réamhshocráithe deartha i gceart, d'fhéadfaí gurbh iomchuí féachaint ar scéim le ranníocaíocht shainithe mar scéim ina gcuimsítear infheistíocht réamhshocráithe le roghanna dóibh siúd ar mhaith leo diúltú dóibh seachas a mhalairt.

Taighde

Is deis iontach í an aird reatha ar riachtanais athchóirithe chun comhrá náisiúnta a chothú maidir lena bhfuil i ndán do phinsin agus don soláthar scoir amach anseo. Is ábhar imní don Údarás an líon teoranta sonraí agus an taighde teoranta atá ar fáil in Éirinn maidir le cúrsaí amhail conas a ghlacann daoine cinntí maidir le scor; an t-aistriú agus iad ag dul ar scor; a dtaithe ar an bpróiseas scoir; agus patrúin chaiteachais agus iad ar scor.

Chuir an tÚdarás tionscadal ar bun ag deireadh na bliana 2016 i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun tabhairt faoi chlár taighde chun imscrúdú agus staidéar a dhéanamh ar na cúrsaí sin. Bainfidh an Institiúid leas as sonraí ón Staidéar Fadaimseartha ar an Aosú in Éirinn (TILDA) chun roinnt eochaircheisteanna taighde a fhreagairt faoi na ceannuideil seo a leanas:

- an t-aistriú idir a bheith ag tuilleamh agus a bheith ar scor
- próiseas agus deitéarmanaint na gcinntí airgeadais maidir le scor
- saibhreas, ioncam agus patrúin chaiteachais agus duine ar scor.

Foilseofar na torthaí ón taighde agus déanfar comhdhálacha coiteanna a eagrú idir an tÚdarás Pinsean agus an Institiúid chun torthaí an taighde a chur díreach i láthair páirtithe leasmhara agus daoine ar spéis leo an t-ábhar. Bainfear leas as an obair sin chun tacú le díospóireacht náisiúnta maidir le scor agus pinsin agus chun díospóireacht den sórt sin a spreagadh.

An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá léirbhreithniú déanta ag an Údarás ar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016. Tá go leor riachtanas ó na cóid nua glactha ag an Údarás cheana féin, agus tá siad sin le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2016. I measc na riachtanas maidir leis an ráiteas airgeadais nach bhfuil mionsonraithe faoi mar a ordaítear i dTuarascáil Bhliantúil 2016, áirítear nochtadh ar an miondealú ar an gcúiteamh a íocadh le príomhphearsana foirne agus an cúiteamh a íocadh le fostaithe idir tuarastal, ragobair, agus liúntais. Glacfaidh an tÚdarás na cóid ina n-iomláine agus tabharfar tuairisc ar chomhlíonadh na gcód sin i dTuarascáil Bhliantúil 2017. Tá an cur chuige sin comhaontaithe leis an Roinn Coimírce Sóisialaí.

Tacaíocht don Údarás

Leanann an tÚdarás de leas a bhaint as an dea-chaidreamh oibre atá againn leis an Aire agus lenár gcuid comhghleacaithe sa Roinn Coimírce Sóisialaí. Beidh dúshlán mhóra ann sna blianta atá amach romhainn agus ní mór dúinn ar fad tarraingt le chéile chun ár gcuspóirí coiteanna a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le Feidhmeannas an Údaráis, leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus le mo chuid comhghleacaithe san Údarás as a gcuid sáoire, saineolais, agus tiomantais i rith na bliana.



An Dr. David Begg
Cathaoirleach



RÁITEAS AN RIALTÓRA PINSEAN

Cuireann baill scéimeanna pinsin a ranníocaíochtaí féin, agus go minic na ranníocaíochtaí a dhéanann a bhfostóir, ina scéimeanna pinsin agus iad ag súil go mbeidh an coigilteas sin slán, go ndéanfar é a infheistiú go ciallmhar i rith a saoil oibre, agus go gcabhróidh sé le feabhas a chur ar a gcaighdeán maireachtála agus iad ar scor. Is ionchais réasúnta iad sin, agus is é cúram an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar na hiontaobhaithe a bhfuil an fhreagracht orthu iad sin a chomhlíonadh.

Tugann go leor daoine a gcuid ama agus glacann siad an fhreagracht a bhaineann le bheith mar iontaobhaí, agus ní íoctar pá leo i bhformhór na gcásanna. Tá baill na scéimeanna go mór faoina gcomaoin ag na daoine sin atá sásta an obair sin a dhéanamh ar a son.

Mar sin féin, tá iontaobhaithe áirithe ann nach nglacann páirt ghníomhach ar bith i gcur i gcrích a bhfreagrachtaí. Tá sé feicthe rómhinic ag an Údarás nach ndéanann na hiontaobhaithe aon iarracht lena chinntiú go ndéantar bainistíocht leordhóthanach ar an scéim, agus tarlaíonn sé rómhinic freisin go ndéalraíonn sé nach nglacann na hiontaobhaithe céim ar bith chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh – is ábhar mór imní é sin nuair is é an chuideachta is fostóir an t-aon iontaobhaí amháin don scéim.

An fhreagracht is bunúsaí atá ar na hiontaobhaithe is ea a chinntiú, an oiread agus is féidir, nach ndéantar mí-leithghabháil ar shócmhainní na scéime ná ar na ranníocaíochtaí. Is annamh a dhéantar mí-leithghabháil, ar ámharaí an tsaoil, nuair a chuimhnítear ar an méid mór airgid atá i scéimeanna ceirde in Éirinn – is amhlaidh an scéal mar thoradh ar fhaireachas na n-iontaobhaithe gníomhacha agus ar ionracas an uile dhuine, beagnach, a bhfuil baint acu le cúrsaí pinsin. Ní féidir glacadh le mí-leithghabháil riamh, mar sin féin, agus is é an mhí-leithghabháil a chosc agus an dlí a chur ar chásanna dá leithéid a bheidh mar an tosaíocht is mó ag an Údarás i gcónaí. Tá líon na gcásanna sin ag titim, ach nílimid réchúiseach faoin scéal.

Tá sé bunriachtanach sócmhainní pinsin a choinneáil slán sábháilte, ach ní leor é sin ann féin. Is tasc casta dúshlánach é an coigilteas sin a bhainistiú agus a infheistiú sa tréimhse fhada ama idir an chéad ranníocaíocht agus an íocaíocht scoir deiridh, agus is amhlaidh mar a bheidh i gcónaí. D'fhonn a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh i gceart, ní mór d'iontaobhaithe luach maith ar airgead a fháil, taifid chruinne a choimeád, infheistíochtaí ciallmhara a dhéanamh, agus baill agus páirtithe leasmhara eile,

lena n-áirítear an tÚdarás, a choinneáil ar an eolas.

Bíonn cúrsaí riaracháin, cumarsáide agus infheistíochta á gcur amach ar conradh ag formhór na scéimeanna, rud a fhágann nach mbíonn ról ó lá go lá sa scéim ag na hiontaobhaithe. Mar sin féin, ní mór dóibh a bhfreagrachtaí a thuiscint agus ní mór go mbíonn tuairim shoiléir acu maidir le conas mar atá ag éirí lena scéim. Ní bhítear ag súil gur saineolaithe i mbainistíocht pinsean atá sna hiontaobhaithe, ach ní mór dóibh freagrachtaí na soláthraithe seirbhíse a shainmhíniú go soiléir agus monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith is a chomhlíonann na soláthraithe sin na hoibleagáidí atá orthu. Ní mór dóibh a chinntiú freisin go mbaineann siad luach maith ar airgead amach.

Is ann d'iontaobhaithe a chomhlíonann a gcuid freagrachtaí ar fad agus a dhéanann dea-riar ar a scéim ar mhaithe leis na baill. Mar sin féin, tá an iomarca daoine páirteach i scéimeanna inar féidir go leor feabhais a dhéanamh.

Tá mar aidhm leis an treoir atá foilsithe ag an Údarás cúnamh praiticiúil a thabhairt d'iontaobhaithe maidir le conas tabhairt faoin tasc atá acu. Tuigimid go maith an gá atá le faisnéis shoiléir phraiticiúil, agus táimid tiomanta do na hábhair sin a choimeád agus do chur leo.

Tacaíocht thábhachtach eile d'iontaobhaithe is ea maoirseacht an Údaráis ar na Riarthóirí Cláraithe. Tá sonraí le fáil in áit eile sa tuarascáil seo ar an obair a rinneamar sa réimse sin in 2016. Mar sin féin, ar an iomlán, tá díomá orainn maidir le tráthúlacht agus cruinneas na sonraí a cuireadh ar fáil dúinn. Tugaimid faoi deara an feabhas atá déanta sa réimse seo. Maidir leis na hábhair atá á bplé againn, áfach, níor cheart go dtarlóidís ar an gcéad dul síos.

Cé go bhfuil go leor oibre i gceist le hiontaobhas ar scéimeanna le rannaíocht shainithe, ní féidir a shéanadh ach gur casta i bhfad iontaobhas ar scéimeanna le sochar sainithe. Tá áthas orm a thabhairt faoi deara, inár rannpháirtíocht dhíreach ar fad le hiontaobhaithe scéimeanna le sochar sainithe, gur shuntasach a dtiomantas agus a gcúram i leith nósanna imeachta.

Mar sin féin, tá imní orainn i gcónaí maidir le bainistíocht airgeadais agus infheistíocht scéimeanna le sochar sainithe. Múscloíonn sé sin ceisteanna faoin gcomhairle atá á cur ar na hiontaobhaithe. Ní dócha go bhfuil comhairle á cur ar

iontaobhaithe agus go bhfuil siad ag tabhairt neamhaird ar an gcomhairle sin go comhsheasmhach agus gan chúis mhaith. Is é an tuairim atá againn nach bhfuil caighdeán na comhairle ná an bhéim a chuirtear ar shaincheisteanna agus ar ghnéithe éagsúla ann chomh maith agus is ceart dóibh a bheith.

Scéimeanna casta iad scéimeanna le sochar sainithe, agus bíonn dúshlán ag baint lena mbainistíocht airgeadais. D'fhéadfaí nár léir uainíocht ná méid na sochar atá le híoc; d'fhéadfaí nár léir torthaí ar an infheistíocht amach anseo; ní féidir glacadh le tacaíocht leanúnach an fhostóra is urraitheoir; agus déanfaidh na hiontaobhaithe iarracht le cinntiú go bhfuil na ranníocaíochtaí intuatha agus nach bhfuil siad iomarcach.

Níl aon treoir ghinearálta shimplí ann lena gcinnteofar torthaí maithe. Rud tábhachtach ná nach bhfuil ann d'aon tomhas aonair amháin ar shláinte airgeadais na scéime. Is cosúil, áfach, go bhfuil an iomarca scéimeanna á riar le tagairt do ráta ranníocaíochta fosta atá comhsheasmhach leis an gcaighdeán maoinithe. Ní leor é sin: ba cheart go mbeadh monatóireacht á déanamh ag na hiontaobhaithe agus a gcomhairleoirí ar raon tomhas agus ba cheart dóibh iniúchadh a dhéanamh ar a mbeidh i gceist leis na torthaí éagsúla dá scéimeanna. Mar thoradh ar aibíocht agus ar intuathacht mhéadaithe go leor scéimeanna, bheimis ag súil le haird ghéar a bheith á tabhairt ar shreafaí airgid sa mheántearma, ach is beag fianaise de sin atá feicthe againn.

In inneoin go raibh torthaí maithe ar infheistíocht le blianta beaga anuas, níor leor é sin chun fanacht i gcomhréir leis an gcostas níos mó atá ar ioncam scoir iontaofa a chur ar fáil, agus is é sin an cuspóir is mó a bhaineann le coigilteas scoir. Is ísle na torthaí measta ar infheistíocht amach anseo ná mar a bhí le scór bliain anuas nó mar sin. Mar thoradh ar an dá thoisc sin lena chéile, tháinig deacrachtaí chun cinn le haghaidh scéimeanna le sochar sainithe agus, déanta na fírinne, do sholáthar pinsean de gach cineál: tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur tosca iad sin a bhaineann leis an timpeallacht sheachtrach, agus ní toradh iad ar chúrsaí rialála.

Ní léirítear an timpeallacht an-dúshlánach sin le gnáth-infheistíocht scéimeanna le sochar sainithe. Bíodh is gur athraigh scéimeanna a bpróifíl infheistíochta agus gur laghdaigh siad a neamhchosaint ar chothromais trí chéile, d'fhan an t-athrú sin i gcomhréir, nó geall leis, le dlíteanais na scéimeanna atá ag teacht

in aibíocht, rud a fhágann nár tháinig laghdú ar an riosca iomlán. Dealraíonn sé go ndéantar an iomarca scéimeanna a infheistiú ar an mbun go mbeidh na coinníollacha infheistíochta fabhrach sa ghearrthearma. Má tharlaíonn sé sin, níl aon amhras ann ach go dtiocfaidh feabhas mór ar staid airgeadais na scéimeanna le sochar sainithe in Éirinn. Mar sin féin, an fhadhb a bhaineann le straitéis infheistíochta atá deartha chun barrachas a chinntiú in aon chás sonrach amháin ar leith ná go mbeidh caillteanas ann in go leor cásanna eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Sa chás go mbíonn caillteanas den sórt sin ann, beidh ar na baill ghníomhacha agus iarchurtha cion díréireach den chaillteanas a iompar. Ní chreidim go réitíonn cur chuige den sórt sin i leith infheistíochta le freagrachtaí na n-iontaobhaithe.

Buíochas

Gabhaim buíochas le foireann an Údaráis as a sárobair agus as a dtiomantas in 2016, agus táimid an-bhuíoch as sin. Chuaigh beirt den fhoireann ardbhainistíochta ar scor ón Údarás in Aibreán 2017: Mary Hutch, Ceann an Aonaid um Polasaí; agus Tom Dunphy, Ceann an Aonaid um Fhaisnéis Rialála. Bhí ról mór acu beirt i bhforbairt na heagraíochta seo mar rialtóir neamhspleách ag a bhfuil saineolas dá chuid féin. Aireoidh muid go mór uainn a n-eolas, a dtaithí agus an méid a chuireann siad leis an eagraíocht.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Údaráis agus go háirithe don Chathaoirleach, David Begg, as a thacaíocht agus a chomhairle i rith 2016.



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean

AN TÚDARÁS PINSEAN

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Pinsean, ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus beirt ghnáth-chomhaltaí. Maireann téarma oifige comhalta den Údarás cúig bliana.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Údaráis:



An Dr. David Begg
Cathaoirleach



Anne Vaughan, Uas.
An Leasrúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí
(Ionadaí don Aire Coimirce
Sóisialaí)



Ann Nolan, Uas.
An Dara Rúnaí
An Roinn Airgeadais
(Ionadaí don Aire Airgeadais)

Reáchtáladh ocht gcruinniú den Údarás in 2016 agus d'fhreastail na comhaltaí ar fad ar na cruinnithe ar fad.

Déantar an chinnteoireacht laethúil a tharmligean do bhaill foirne faoi mhaoirseacht ghníomhach an Údaráis.

Is é seo a leanas struchtúr an Údaráis Pinsean:



Brendan Kennedy
An Rialtóir Pinsean



Grace Guy
Ceann an Aonaid um
Chomhlíonadh
(Rúnaí an Údaráis)



Andrew Nugent
Ceann an Aonaid Forbraíochta



Pat O'Sullivan
Ceann an Aonaid Theicniúil



Dervla O'Keeffe
Ceann an Aonaid um Fhaisnéis
Rialála



Ger Clarke
Leascheann an Aonaid um
Chomhlíonadh



Sylvia McNeece
Ceann an Aonaid Dlí
(ar chead neamhláithreachta go
dtí Meán Fómhair 2017)



David Malone
Ceann an Aonaid Oibriúcháin

Tá liosta de na baill foirne reatha le fáil ar an láithreán gréasáin ag www.pensionsauthority.ie

CUSPÓIRÍ AN ÚDARÁIS A BHAIN AMACH

An fhís atá ag an tÚdarás don todhchaí ná córas pinsin ina mbeidh coigilteas pinsin slán, dea-bhainistithe agus intuigthe, agus ina spreagar coigilteas pinsin. Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2016-2020 an tÚdarás na ceithre chuspóir straitéiseacha atá ag an eagraíocht chun a fíis a chur i gcrích.

1. Déanfaidh an tÚdarás monatóireacht agus maoirseacht ar scéimeanna pinsin ceirde agus ar PRSanna lena chinntiú go leanfaidh iontaobhaithe, soláthraithe agus riarthóirí inniúla ar aghaidh á mbainistiú go maith.
2. Féadfaidh iontaobhaithe scéime, tionscal na bpinsean agus fostóirí brath ar an tÚdarás chun treoir agus tacaíocht a chur ar fáil faoina bhfuil an tÚdarás ag súil leis.
3. Tuigfidh an pobal, comhaltaí, rannpháirtithe agus tairbhíthe go maith gur foinse inrochtana, ábhartha agus praiticiúil eolais é an tÚdarás.
4. Beidh an tÚdarás ina fhoinsé luachmhar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le comhairle, saíneolas, faisnéis agus tacaíocht theicniúil faoi chúrsaí pinsin.

Tá straitéisí ardleibhéil glactha ag an tÚdarás chun na cuspóirí sin a chur i gcrích, lena n-áirítear:

- cur chuige réamhghníomhach feiceálach chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh
- cur chuige praiticiúil i leith an tsoláthair faisnéise agus teorach ina ndírítear ar an inrochtaineacht, doiciméid ar an dea-chleachtas, agus chóid chleachtais
- seirbhís fiosrúcháin ar ardchaighdeán ina dtugtar aghaidh ar ábhair imní agus ar cheisteanna atá faoinár sainchúram reachtúil a n-aithníonn páirtithe leasmhara iad
- treoirphlean cuimsitheach le haghaidh struchtúr pinsean, a bheidh bunaithe ar ár bhfíis, agus a chuirfidh eolas ar fáil don phlé beartais a bheidh ar siúl ag an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil na gníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás in 2016 chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Ordathas na dtosaíochtaí ó thaobh riosca de

Lena áirithiú go bhfuil a chleachtas rialála éifeachtach agus go bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar na modhanna is tábhachtaí agus is éifeachtaí, glacann an tÚdarás le cur chuige maoirseachta atá bunaithe ar ordathas tosaíochtaí riosca:

- An 1ú tosaíocht: mídhísiú sócmhainní nó ranníocaíochtaí pinsin
- An 2ú tosaíocht: easpa rialachais nó drochriarachán agus tionchar aige ar shochair nó mainneachtain sochair dhlite a fóc
- An 3ú tosaíocht: sócmhainneacht scéimeanna le sochar sainithe

An 4ú tosaíocht: mainneachtain faisnéis fhorordaithe a sholáthar do bhaill

An 5ú tosaíocht: teip ag aonáin rialaithe sonraí cruinne agus tráthúla a chur faoi bhráid an tÚdarás.

Léiríonn an t-ord seo tromchúis na rioscaí agus ní an dóchúlacht go dtarlóidh siad. Cé gur ar bhunús na dtosaíochtaí sin a leagtar amach gníomhaíocht rialála ginearálta an tÚdarás, cinnteoidh an eagraíocht freisin nach ndéanfar neamhaird d'aon réimse. Toisc go mbraitheann rialachán ar chumas an tÚdarás eolas iontaofa a fháil, bíonn an eagraíocht ag díriú go háirithe ar theipeanna faisnéis a sholáthar don tÚdarás atá riachtanach faoi Acht na bPinsean, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le sceithireacht.

Tuairisciú éigeantach agus deonach / sceithireacht

Tá forálacha reachtúla, ar a dtugtar oibleagáidí sceithireachta, i bhfeidhm lena gcuirtear oibleagáid dhlíthiúil ar raon daoine sonraithe atá páirteach i bhfeidhmiú scéimeanna pinsin ceirde, Conarthaí Blianachta Scoir Ionntobhais (RACanna) agus PRSanna. Ní mór do na daoine sin tuairisc a thabhairt don tÚdarás má mheasann siad go ndearnadh calaois nó mí-leithghabháil ábhartha nó má mheasann siad go bhfuil baol ann go dtarlóidh a leithéid. Féadfaidh duine ar bith tuairisc dheonach a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le staid agus feidhmiú scéime, RAC ionntobhais nó PRSA.

Déanann an tÚdarás iniúchadh ar thuairiscí ó sceithirí agus ar ghearáin nó líomhaintí tromchúiseacha eile le fáil amach céard a tharla. I gcás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh, is é príomhaidhm an tÚdarás comhlíonadh a chinntiú. Mar sin féin, bainfidh an tÚdarás leas as raon iomlán a chumhachtaí faoi Acht na bPinsean nuair is gá.

Nochtuithe cosanta

Rinneadh dhá nochtadh leis an tÚdarás in 2016 faoin Acht um Nochtadh Cosanta. Baineann na nochtuithe le cásanna ina measadh nár cloíodh le hAcht na bPinsean. Déanann an tÚdarás imscrúdú ar nochtuithe cosanta.

Imscrúduithe

Chuir an tÚdarás tús le 32 imscrúdú nua ar sháruithe líomhnaithe éagsúla ar Acht na bPinsean. Is iomaí cineál sáraithe a bhí i gceist leis na sáruithe líomhnaithe seo, ó asbhaint ranníocaíochtaí gan iad a fóc isteach sa scéim go dtí teipeadh freagra a thabhairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis. Tugadh 32 chás chun críche in 2016, agus moladh go ndéanfaí ionchúiseamh ar 10 gcás eile.

Go ginearálta, tá laghdú ag teacht le blianta beaga anuas ar an líon eachtraí ar gá imscrúdú a dhéanamh orthu maidir le hasbhaint ranníocaíochtaí agus gan iad a fóc isteach sa scéim.

Iniúchtaí comhlíonta

Baineann an tÚdarás leas as raon critéar riosca-bhunaithe chun cásanna a roghnú d'iniúchadh deisce. In 2016, roghnaíodh scéimeanna níos lú ina raibh idir cúig agus caoga ball gníomhach nach ndearna an tÚdarás iniúchadh orthu roimhe sin. Mar sin féin, má rinneadh imscrúdú ar scéim le roinnt blianta anuas nó má bhí fadhbanna riaracháin i gceist amhail tuairisceáin maidir le Faisnéis Bhliantúil ar an Scéim (ASI) nár tugadh nó gan Riarthóir Cláraithe a bheith ceaptha, roghnaíodh roinnt scéimeanna lena n-imscrúdú mar thoradh ar na tosca riosca breise sin. Rinne an tÚdarás iniúchadh ar raon táirgí PRSA in 2016 freisin.

Rinne an tÚdarás 483 iniúchadh in 2016 chun comhlíonadh Acht na bPinsean a mheas. Sna hiniúchtaí sin, féachadh ar shochair dhlite, riachtanais maidir le nochtadh, aistrithe ar stádas scéimeanna ó stádas reatha go stádas caltha, foirceannadh scéimeanna, nochtadh PRSA, agus fostaithe eisithe. Anuas air sin, scríobh an tÚdarás chuig 145 fhostóir lena ndualgais maidir le ranníocaíochtaí pinsin nó PRSA a íoc isteach sa scéim a mheabhru dóibh.

I gcás go n-aimsítear neamhchomhlíonadh, is é an phríomhaidhm atá ann a chinntiú go mbeidh an t-aonán rialaithe comhlíontach ina dhiaidh sin. Sa chás nach dtarlaíonn sé sin, féadfaidh an tÚdarás gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh.

Úsáidtear torthaí ó na hiniúchtaí chun eolas a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí leanúnacha maoirseachta an Údaráis maidir le comhlíonadh.

Rannpháirtíocht dhíreach le hiontaobhaithe scéime

Lean an tÚdarás dá chlár cruinnithe rannpháirtíochta díri le hiontaobhaithe scéimeanna le ranníocaíocht shainithe agus le sochar sainithe in 2016. Buaileann an tÚdarás leis na hiontaobhaithe gan a gcomhairleoirí ná a riarthóirí a bheith i láthair chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann siad bainistíocht ar an scéim agus ar a bhfreagrachtaí rialachais.

Bhuail an tÚdarás le hiontaobhaithe 37 scéim le ranníocaíocht shainithe chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann siad rialachas a scéime a réachtáil agus a mhaoirsiú i ndáiríre. Bunaítear an plé sin ar na Cóid Rialachais a d'fhoilsigh an tÚdarás in 2016.

Faoi dheireadh na bliana, bhuail an tÚdarás le hiontaobhaithe 35 scéim le sochar sainithe freisin. Baineann an tÚdarás leas as na teoracha bainistíochta airgeadais do shochair sainithe agus na Cóid Rialachais mar bhonn le haghaidh an phlé sin.

Cuireann an clár rannpháirtíochta díri sin le heolas an Údaráis ar conas a chruthaítear boird iontaobhaithe, conas a bhíonn siad ag feidhmiú, leibhéil ghinearálta na tuisceana ar fheagrachtaí iontaobhaithe agus tuairimí na n-iontaobhaithe ar shaincheistanna amhail straitéis infheistíochta agus bainistíocht riosca.

Cigireachtaí agus cruinnithe le Riarthóirí Cláraithe

Déanann an tÚdarás measúnú freisin ar leibhéil an chomhlíonta riaracháin le hAcht na bPinsean trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar riarthóirí cláraithe.

D'fhéadfadh sé tarlú nach bhfaigheadh na baill na sochair ar fad a bhfuil siad ina dteideal mar thoradh ar dhroch-chaighdeán maidir le riar na bpinsean agus coimeád taifead. Rinne an tÚdarás 11 chigireacht ar an láthair ar riarthóirí cláraithe de mhéideanna agus de chineálacha éagsúla in 2016.

Tar éis gur theip ar roinnt riarthóirí cláraithe tuairisceáin ASI a chur isteach go cruinn agus in am, cuireadh béim ar an riachtanas sin in 2016. Bhuail an tÚdarás leis an 12 riarthóir chláraithe is mó (a chuimsíonn thart ar 90% de gach scéim) i ndeireadh Fómhair 2016 chun plé mionsonraithe a dhéanamh ar a n-oibleagáidí maidir le tuairisceáin ASI a chur isteach.

I rith 2016, chuir an tÚdarás feabhas ar thairseach an Chláir Sonraí Pinsean (PDR) le cur ar chumas riarthóirí cláraithe a dtuairisceáin a chomhdú ar bhealach níos éifeachtúla. Ina theannta sin, foilsíodh treoir mhionsonraithe maidir le tuairisceáin sonraí a chomhdú chun cabhrú le riarthóirí cláraithe a n-oibleagáidí comhdúcháin a chomhlíonadh. D'fhorbair an tÚdarás pacáistí comhlíonta freisin ina gcuirtear béim ar mhírreir agus ar mhíchruinneas sna sonraí le cur ar chumas na riarthóirí caighdeán na sonraí a fheabhsú. Mar thoradh air sin, is léir don Údarás go bhfuil feabhas tagtha ar chaighdeán na sonraí a chuirtear isteach. Tá an tÚdarás ag súil le feabhas suntasach ar an leibhéal comhlíonta le riachtanais ASI in 2017.

Bhuail an tÚdarás le hOifigeach Údaraithe agus Stiúrthóir ó na 10 riarthóir cláraithe a bhí déanach in athnuachan chlárú a riarthóra chláraithe in 2016 le cur in iúl dóibh a thábhachtaí atá próiseas athnuachana an riarthóra chláraithe agus a n-oibleagáidí tuairiscithe níos fairsinge faoi Acht na bPinsean. Mar chuid den phróiseas, b'éigean don riarthóir cláraithe a leagan amach cén fáth a raibh moill leis an athnuachan agus cé na nósanna imeachta a bhí á gcur chun feidhme ionas nach dtarlódh a leithéid arís.

In 2016, rinne an tÚdarás cigireachtaí ar an láthair freisin ar sheirbhísí riartha pinsean laistigh den earnáil sláinte poiblí tar éis don Údarás tuairiscí a fháil ar mhoill ar shochair a íoc leis na baill. Leanfaidh an tÚdarás le cigireachtaí a dhéanamh ar scéimeanna san earnáil phoiblí in 2017.

Cuimsítear leis na cigireachtaí sin ar an láthair agus na cruinnithe le riarthóirí cláraithe raon fairsing oibleagáidí comhlíonta. I gcás ina n-aithnítear aon ábhar imní, cuirtear scála ama i bhfeidhm chun an fhadhb a réiteach chun sástacht an Údaráis. Más rud é nach réitítear na fadhbanna agus go bhfuil an neamhchomhlíonadh ann i gcónaí, féadfaidh an tÚdarás smachtbhannaí oiriúnacha a ghearradh faoi Acht na bPinsean.

Tá an leibhéal foriomlán comhlíonta níos fearr ná mar a bhí an bhliain roimhe sin. Tá feabhas diaidh ar dhiaidh tagtha ar chaighdeán riaracháin ó cuireadh tús le cigireachtaí in 2010, rud a léiríonn fiúntas na gníomhaíochta sin. Tá sé i gceist ag an Údarás leibhéal comhsheasmhach de ghníomhaíocht rannpháirtíochta díri sa réimse sin a choinneáil.

Ionchúisimh

Féadfar an dlí a chur ar aonáin rialaithe mar gheall ar neamhchomhlíonadh. Thug an tÚdarás 23 ionchúiseamh chun críche in 2016 agus baineadh ciontú amach in 12 chás díobh sin. Deonaíodh buntáiste an Achta Promhaidh ar na cosantóirí in dhá chás eile agus scriosadh amach seacht gcás eile ós rud é gur focadh na riaráistí a bhí amuigh. Diúltaíodh dhá chás ar achomharc. Gearradh fineálacha dar luach €20,850 ar an iomlán.

Is iad seo a leanas na ciontuith a baineadh amach sa 12 chás:

- bhain seacht gcás le hasbhaint ranníocaíochtaí pinsin fostaithe nár íocadh isteach sna scéimeanna iad (Alt 58(1))
- bhain cúig chás le mainneachtain freagairt ar iarratas reachtúil ar fhaisnéis ón Údarás (Alt 18)

Tá sonraí ar ionchúisimh an Údaráis le fáil in Aguisín I.

Na cásanna dlí a thug an tÚdarás in 2016, bhain siad go príomha le hasbhaint ranníocaíochtaí pinsin ag fostóirí nár íocadh isteach i Scéim Pinsin na nOibrithe Tógála (CWPS) iad. Baineadh amach dhá chiontú in 2016 mar thoradh ar thuairiscí ó sceithirí maidir le hasbhaint ranníocaíochtaí PRSA nár íocadh isteach sa scéim iad, agus cuireadh ocht gcás eile ar aghaidh go 2017.

Cuireadh trí bharántas binse i bhfeidhm in 2016 i gcás stiúrthóirí nár tháinig chun na cúirte tar éis toghairm a sheoladh chucu. Ar an iomlán, bhí an tÚdarás sa chúirt 47 n-uaire in 2016 chun cásanna dlí a thabhairt.

Maoiniú scéimeanna le sochar sainithe

Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí 677 scéim le sochar sainithe faoi réir an chaighdeáin maoinithe, agus bhí 65% de na scéimeanna sin (nach raibh á bhfoirceannadh) comhlíontach leis an gcaighdeán. Tá tograí maoinithe comhaontaithe ag na scéimeanna eile ar fad (seachas ocht scéim) a bhfuil mar aidhm leo an scéim a dhéanamh comhlíontach leis an gcaighdeán. Leanfaidh an tÚdarás de bheith rannpháirteach le hiontaobhaithe na n-ocht scéim eile in 2017 chun comhlíonadh an chaighdeáin a chinntiú. I roinnt cásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí go mbeadh ar an Údarás, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí di faoi Alt 50B d'Acht na bPinsean, treoir a thabhairt do na hiontaobhaithe an scéim a fhoirceannadh.

In 2016, fuair an tÚdarás trí thogra maoinithe ó scéimeanna le sochar sainithe agus ceadaíodh na tograí sin. Fuair an tÚdarás trí iarratas ó scéimeanna le sochar sainithe freisin chun sochair fhabhráithe a laghdú, agus ceadaíodh na hiarratais sin.

Tograí a fhorbairt chun pinsin a shimpliú agus a athchóiriú

In Iúil 2016, d'fhoilsigh an tÚdarás doiciméad comhairliúcháin ina leagtar amach na tograí a cheap sé le haghaidh pacáiste d'athchóirithe ar phinsin. Fuair an tÚdarás 64 fhreagra ó pháirtithe leasmhara.

Chuir an tÚdarás an próiseas comhairliúcháin phoiblí i gcrích faoi dheireadh na bliana 2016, agus cuireadh dréacht-tuarascáil faoi bhráid an Aire Coimirce Sóisialaí ag deireadh Eanáir 2017 maidir le 'Rialachas agus Simpliú Pinsean Forlíontach'.

Tacaíocht theicniúil

Cuireann an tÚdarás comhairle agus tacaíocht theicniúil leanúnach ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí. In 2016, lean an tÚdarás de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil don Roinn a bhain le forfheidhmiú Threoir IORP II ar ghlac an AE leis in 2016. Ní mór an Treoir a thrasú sa dlí náisiúnta faoin 13 Eanáir 2019. Cuirfidh IORP II síneadh le hoibleagáidí IORP I trí riachtanais níos mionsonraithe a fhorfheidhmiú sa dlí náisiúnta maidir le bainistíocht, rialachas agus maoirseacht ar phinsin in Éirinn. Ceapadh moltaí an Údaráis d'athchóiriú go neamhspleách ó IORP II, ach tagann siad leis na riachtanais atá ann.

Tá ról comhairleach ag an Údarás maidir le cúrsaí beartais, agus tríd an ról sin feidhmíonn sé a chuspóir straitéiseach de bheith ina fhoinsé luachmhar don Roinn maidir le comhairle, saineolas, faisnéis agus tacaíocht theicniúil faoi chúrsaí pinsin.

Chabhraigh an tÚdarás leis an Roinn na nithe seo a leanas a ullmhú freisin:

- Na Rialacháin maidir le Scéimeanna Pinsin Ceirde (Alt 48A), 2016 [I.R. Uimh. 155 de 2016].
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Infheistíocht Scéimeanna Pinsin Ceirde) (Leasú), 2016 [I.R. Uimh. 643 de 2016].

Cinntí

Faoi Acht na bPinsean, tá de chumhacht ag an Údarás cinntí a dhéanamh chun cabhrú le hiontaobhaithe scéime sochair bhall iarchurtha a aistriú chuig socruithe eile. In 2016, d'eisigh an tÚdarás dhá chinneadh reachtúla den sórt sin.

Tacaíocht, faisnéis agus treoir

Tacaíonn an tÚdarás le hiontaobhaithe, riarthóirí, fostaithe agus comhairleoirí le faisnéis agus le treoir chun cabhrú leo a n-oibleagáidí faoi Acht na bPinsean a thuiscint agus a chomhlíonadh.

D'fhoilsigh an tÚdarás 11 chód rialachais ar leith in 2016 chun cabhrú le hiontaobhaithe cloí leis na caighdeáin cleachtais is bun le dea-rialachas agus riarachán scéimeanna pinsin ceirde iontaobhais dar leis an Údarás. Cuimsítear raon saincheisteanna leis na cóid, lena n-áirítear coinbhleachta leasa, coimeád taifead, cumarsáid leis na baill, cosaint sonraí agus bainistíocht riosca. Leagtar amach iontu na caighdeáin iompair, na gníomhaíochtaí agus na próisis rialaithe a mbíonn an tÚdarás ag súil go nglacfaidh iontaobhaithe iad.

D'fhoilsigh an tÚdarás dhá dhoiciméad treorach i Nollaig 2016 maidir le saincheisteanna infheistíochta d'iontaobhaithe scéimeanna le sochar sainithe. Sa chéad doiciméad, leagtar amach dearcadh an Údaráis i leith an dea-chleachtais i leagan amach na straitéise infheistíochta de scéim le sochar sainithe. Sa dara doiciméad, leagtar amach an dea-chleachtas maidir le Ráiteas ar Phrionsabail an Bheartais Infheistíochta (SIPP) a ullmhú agus a chothabháil, agus tá SIPP samplach le fáil ann.

In 2016, rinne an tÚdarás leasú ar a Threoir Reachtúil maidir le hAlt 34 mar aon le Treoir Reachtúil maidir le hAlt 48A a chur i bhfeidhm.

Láimhseáil an tÚdarás breis is 10,000 fiosrú ginearálta agus le haghaidh sonraí in 2016. Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag cur réimse cuimsitheach faisnéise agus treorach ar fáil saor in aisce ar an láithreán gréasáin. Freastalaíonn an tÚdarás ar imeachtaí poiblí agus cuireann sé eolas i láthair go minic i rith na bliana. Pléann an tÚdarás le fiosruithe díreacha ó na meáin freisin agus bíonn sé sa tóir ar imeachtaí agus ar dheiseanna sna meáin le plé ar chúrsaí agus ar shaincheisteanna pinsin a chur chun cinn i measc an phobail.

Saoráil faisnéise

Fuair an tÚdarás cúig iarratas ar shaoráil faisnéise in 2016 agus thug sé freagra ar na hiarratais sin laistigh de na spriocdhátaí reachtúla.

Cosaint sonraí

Chuir an tÚdarás tús in 2016 ar athbhreithniú ar a chleachtais agus ar a nósanna imeachta cosanta sonraí lena chinntiú go mbeifear ag cloí leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a bheidh i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018.

Acmhainní daonna

Tá an tÚdarás tiomanta d'áit shábháilte oibre a chur ar fáil agus bíonn sé ag feidhmiú i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.

Íocaíochtaí prasa

Feidhmíonn an tÚdarás beartas íocaíochta praise 15 lá i gcomhréir le Cinneadh S29296 a ghlac an Rialtas i Márta 2011. Foilsíonn an tÚdarás na tuarascálacha ráithiúla maidir le híocaíochtaí prasa ar an láithreán gréasáin.

Úsáid fuinnimh

B'ionann an méid iomlán fuinnimh a d'úsáid an tÚdarás in 2016 agus 117,650 cileavatuair leictreachais.

COISTE AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile sé huairé in 2016. Tá an Coiste ina chuid den timpeallacht rialála agus tá de chúram air comhairle neamhspleách a thabhairt don Údarás ar chúrsaí lena n-áirítear a oiriúnaí agus a stóinsithe is atá an rialú inmheánach, iniúchóireacht inmheánach, bainistíocht riosca agus nósanna imeachta na gcóras rialachais san eagraíocht, agus a iontaofa is atá an tuairisciú airgeadais.

Tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, tugann an Coiste tuairisc fhoirmiúil don Údarás ina dtugtar breac-chuntas ar a ghníomhaíochtaí i rith na bliana mar aon le cibé comhairle agus moltaí atá oiriúnach, dar leis.

Is iad seo a leanas a bhí i gclár iniúchóireachta inmheánaí an Choiste in 2016:

- athbhreithniú ardleibhéil ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh; agus
- athbhreithniú ar an mbainistíocht acmhainní daonna.

Toradh dearfach a bhí ar na hathbhreithnithe seo agus níor thángthas aon ábhair ab údar imní chun solais dá mbarr. Oibríonn an Coiste i gcomhar leis an gCoiste Gnó lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar shaincheist ar bith a mhúsclaítear in iniúchtaí.

Baill an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

- Bill Cunningham (Cathaoirleach)
- Eilis Hamilton (an Roinn Coimirce Sóisialaí)
- John Palmer (an Roinn Airgeadais)
- Michael Roche

I gcruinniú den Údarás ar an 3 Bealtaine 2017, ceadáíodh athainmniú an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta mar an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	13
Ráiteas maidir le freagrachtaí an Údaráis.....	14
Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais.....	15
Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe.....	16
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach.....	17
Ráiteas ar an staid airgeadais.....	18
Ráiteas ar shreafaí airgid	19
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.....	20

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE, LE CUR OS COMHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

An tÚdarás Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir Acht na bPinsean, 1990. Tá sna ráitis airgeadais: an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúistí ioncaim coinnithe; an ráiteas ar ioncam cuimsitheach; an ráiteas ar staid an airgeadais; an ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi Alt 22 den Acht agus de réir na gcleachtas cuntasafóichta a bhfuil glacadh leo.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeán Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus faoi na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais d'fhonn ráthaíocht réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu is calaois nó botún ba chúis leis an míshonrú sin. Mar chuid den iniúchadh déantar measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu a bhí nó nach raibh na polasaithe cuntasafóichta oiriúnach do chás an Údaráis Pinsean, a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus a nochtadh nó nár nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasafóichta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim tuarascáil

bhliantúil an Údaráis Pinsean le sainaithint a dhéanamh ar aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh agus le sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis is cosúil atá mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas atá faighte agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, nó nach bhfuil ag teacht leis an eolas sin. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó aon neamhréireacht ábhartha faoi deara, déanfaidh mé na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Pinsean amhail ar an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2016; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart agus de réir an Chleachtais Chuntasafóichta a bhfuil glacadh leis.

Táim den tuairim gur leor taifid chuntasafóichta an Údaráis Pinsean le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóichta.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí ag teastáil uaim le haghaidh an iniúchta, nó sa chás go dtugaim faoi deara

- gurbh ann d'aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche beartaithe ann nó nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad ann, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis Pinsean i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi ná leis ar an eolas atá faighte agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach léiríonn an ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonta ag an Údarás Pinsean, nó
- gurbh ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon tuairisc le tabhairt agam ar na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan

Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste An 15 Meitheamh 2017

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Éilítear ar an Údarás le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá sé de dhualgas ar an Údarás taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, a nochtann staid airgeadais an Údaráis ag aon am le cruinneas réasúnach, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Ina theannta sin, tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



David Begg
Cathaoirleach
An 14 Meitheamh 2017

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Aithnímhse, thar ceann an Údaráis, go bhfuil de dhualgas orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

Príomhnósanna imeachta rialaithe

Tá bearta déanta ag an Údarás d'fhonn timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach:

- freagrachtaí bainistíochta a mhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta tuairiscithe a chur i bhfeidhm d'fhonn teipeanna suntasacha a rialú agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar bearta ceartaitheacha iomchuí;
- Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta tiomnaithe a chur ar bun;
- idirdhealú soiléir a dhéanamh idir feidhmeanna an Údaráis agus feidhmeanna an Choiste Gnó;
- Cód Iompair a fhoilsiú do chomhaltaí an Údaráis agus d'fhoireann an Údaráis;
- iniúcháirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas:

- nádúr, méid agus impleacht fhéideartha na rioscaí atá mar bhaol don Údarás a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha;
- dóchúlacht na rioscaí aitheanta a mheas;
- measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na rioscaí a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear amach mar thoradh orthu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat um eolas bainistíochta míosúil, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a dheighilt, agus ar chóras tarmiligin agus freagrachta. Áirítear air seo go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a chuimsíonn buiséad

bliantúil, a ndéantar athbhreithniú air agus a bhíonn comhaontaithe ag an Údarás;

- athbhreithnithe rialta ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchóireachta agus ag an Údarás ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht iarbhir airgeadais os coinne meastachán;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí ós rud é go gcoinníonn sé an tÚdarás ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúcháirí inmheánacha de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann anailís ar na rioscaí a bhfuil an comhlacht neamhchosanta ina leith bonn eolais faoi obair an fheidhmeannais agus cuireadh cleachtadh iomlán anailíse riosca i gcrích dá réir sin.

Tacaíonn an Coiste Airgeadais agus Iniúchóireachta leis an anailís riosca agus leis na pleananna iniúchóireachta inmheánaí, agus faomhann an tÚdarás iad.

Rinne an tÚdarás, trí obair an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta a leanann ar aghaidh, monatóireacht ar obair an Choiste Gnó ó thaobh an rialuithe airgeadais de sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016. Cuireadh an Coiste na rudaí seo a leanas faoi chaibidil:

- cuntais bhainistíochta, idir rialta agus/nó thréimhsiúla, don bhliain 2016, ina raibh anailís déanta agus míniú tugtha ar aon imeacht suntasach ón mbuiséad;
- clár rioscaí agus an próiseas bainistíochta rioscaí;
- táillí scéimeanna pinsin ceirde agus cuntais coigiltis scoir phearsanta;
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais don bhliain 2017;
- tuarascálacha ar iniúchóireacht inmheánach.

Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaímhse go ndearna an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2016.



David Begg
Cathaoirleach
An 14 Meitheamh 2017

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS AR CHÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016			
		2016	2015
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde		3,279,826	3,206,716
Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta		2,796,816	2,494,527
Deontas Stáit i leith fócaíochtaí pinsin le baill foirne ar scor		231,658	359,885
Ioncam eile	2	20,823	51,374
Iomlán an ioncaim		6,329,123	6,112,502
Aistriú ón gcúlchiste caipitil i gcomhair PRSA	15	—	29,339
		6,329,123	6,141,841
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin, agus costais bhainteacha	3	3,661,857	3,508,337
Táillí chomhaltaí an Údaráis	5	19,934	20,520
Cíos agus costais oifige	6	626,494	663,360
Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	7	139,850	126,848
Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	8	221,134	180,363
Táillí gairmiúla	9	497,170	483,251
Riarachán ginearálta	10	508,823	425,419
Dímheas	11	121,412	170,722
Iomlán an chaiteachais		5,796,674	5,578,820
Barrachas don bhliain		532,449	563,021
Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir	19	6,525,426	5,962,405
Barrachas don bhliain		532,449	563,021
An cúlchiste ioncaim amhail ar an 31 Nollaig		7,057,875	6,525,426

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach



Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

An 14 Meitheamh 2017

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016			
		2016	2015
	Nótaí	€	€
Barrachas don bhliain		532,449	563,021
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir ¹	19	(357,000)	(142,000)
Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir	19	3,357,000	(1,125,000)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir	19	(3,000,000)	1,267,000
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain		532,449	563,021

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach



Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

An 14 Meitheamh 2017

¹ Léirítear le "Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir" an tionchar ar an luacháil dliteanaís atá ag dífríochtaí idir na toimhdí a rinneadh ag tús na bliana agus an taithí iarbhair i rith na bliana. Mar shampla, tagann gnóthachan nó caillteanas chun cinn mar thoradh ar dhifríocht idir luachanna measta agus iarbhair i gcás faisnéis bhásmhaireachta, boilsciú, boilsciú tuarastail, agus méaduithe ar phinsin.

RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS

Amhail ar an 31 Nollaig 2016					
		2016		2015	
	Nótaí	€	€	€	€
Sócmhainní neamhreatha					
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	11		321,559		158,997
Sócmhainní reatha					
Infháltais	12	653,756		537,731	
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	18	7,969,694		7,718,650	
		8,623,450		8,256,381	
Suimeanna ó chreidiúnaithe dlite laistigh de 1 bhliain amháin					
Suimeanna iníoctha	13	387,134		389,952	
Glansócmhainní reatha			8,236,316		7,866,429
Glansócmhainní roimh shochair scoir			8,557,875		8,025,426
Sochair Scoir					
Dliteanas sochair scoir	19		(20,468,000)		(16,582,000)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státchiste	19		20,468,000		16,582,000
Glansócmhainní tar éis sochar scoir			8,557,875		8,025,426
Lena léirítear					
Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta	16	1,500,000		1,500,000	
Cúlchiste caipitil i gcomhair PRSAnna	15	—		—	
Cúlchiste ioncaim		7,057,875		6,525,426	
			8,557,875		8,025,426

Tá an ráiteas ar shreafaí airgid agus Nóta 1 go dtí Nóta 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



David Begg
Cathaoirleach



Brendan Kennedy
Rialtóir Pinsean

An 14 Meitheamh 2017

RÁITEAS AR SHREAFÁÍ AIRGID

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016			
		2016	2015
	Nótaí	€	€
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17	477,751	744,774
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAO-INITHE: Ús a fuarthas		34,105	41,645
SREAFÁÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA: Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach		(260,812)	(132,338)
Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim sa bhliain		251,044	654,081
Réiteach an ghlansreabhaidh airgid le gluaiseacht na nglanchistí	18		
Méadú ar ghlanchistí sa bhliain		251,044	654,081
Glanchistí ar an 1 Eanáir		7,718,650	7,064,569
Glanchistí ar an 31 Nollaig		7,969,694	7,718,650

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

1. Beartais chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag an Údarás Pinsean. Cuireadh na beartais sin ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis ghinearálta

Cuireadh an tÚdarás Pinsean ar bun faoi Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus tá príomhoifig an Údaráis lonnaithe ag Teach Verschoyle, 28-30 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02KX27.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Pinsean mar atá leagtha amach i gCuid 10 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú:

- faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú an Achta seo agus ar fhorbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne;
- comhairle a thabhairt don Aire, ar iarratas uaidh nó ar a chonlán féin, i dtaobh gach ní a bhaineann leis na feidhmeanna a shanntar don Údarás faoin Acht seo agus i dtaobh nithe a bhaineann le pinsin i gcoitinne;
- treoirleá a eisiúint maidir le dualgaí agus freagrachtaí iontaobhaithe scéimeanna agus cóid chleachtais a eisiúint maidir le gnéithe sonracha dá chuid freagrachtaí;
- spreagadh a thabhairt le go gcuirfear saoráidí oiliúna iomchuí ar fáil d'iontaobhaithe scéimeanna;
- comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh caighdeán d'iontaobhaithe scéimeanna agus i dtaobh na caighdeáin sin a chur i ngníomh;
- tuarascáil bhliantúil, agus cibé tuarascálacha eile is dóigh leis is gá ó am go ham, a fhoilsiú;
- cibé tascanna a dhéanamh a iarrfaidh an tAire ó am go ham.

Eintiteas Sochair Phoiblí atá san Údarás Pinsean.

Is in euro atá na ráitis airgeadais ainmnithe.

b) Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna bhfoilsíú ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go FRS 102.

c) Bunús leis an ullmhúchán

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil sa leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean 1990, arna leasú.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais an Údaráis Pinsean.

d) Deontais ón Oireachtas

Is éard atá i ndeontais ón Oireachtas ná an méid a chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil i leith na bliana chun costais na sochar aoisliúntais a d'íoc an tÚdarás a fhorchúiteamh. Déantar cuntasaíocht ar dheontais Oireachtais ar bhonn fáiltas airgid thirim.

e) Ioncam ó tháillí

i) Táillí ar Scéimeanna Pinsin Ceirde

Tá na táillí iníoctha leis an Údarás ag iontaobhaithe scéime de réir Alt 25 d'Acht na bPinsean. Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 634 de 2010 - Na Rialacháin um Scéimeanna Pinsin Ceirde (Táillí) (Leasú), 2010. Tá na táillí i leith grúpscéimeanna iníoctha ar bhonn na bliana iarbhir agus tá na táillí i leith scéimeanna aonair iníoctha aon bhliain amháin i riaráiste.

Aithníonn an tÚdarás go ndéantar na táillí ar fad atá dlite mar ioncam ar bhonn na bliana féilire agus na táillí atá dlite i leith scéimeanna aonair a chur san áireamh mar fhéichiúnaithe ag deireadh na bliana.

ii) Táillí ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA)

Suimeanna atá dlite i leith táillí iarratais, táirge, agus bliantúla a gearradh ar sholáthróirí Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA). Déantar na táillí bliantúla PRSA a ríomh trí thagairt do líon na dtáirgí cláraithe ceadaithe agus do luach na gcistí atá faoi bhainistiú ag an soláthróir amháil ag deireadh na bliana roimhe.

Tá na rátaí táille atá iníoctha faoi láthair leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 506 de 2002 - Na Rialacháin um Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (Táillí) (Leasú), 2002.

f) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus cúlchistí ioncaim ar bhonn na líne díri ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos ionas go ndíscríobhfar na sócmhainní, arna gcoigeartú lena luach iarmharach measta a chur san áireamh, le himeacht shaolré úsáideach thuartha gach catagóire iomchuí.

	$\frac{7}{8}$	
• Feabhas ar léasacht	6 %	15 bliana
• Trealamh ríomhaireachta	25%	4 bliana
• Troscaín oifige	12 $\frac{1}{2}$ %	8 mbliana
• Trealamh oifige	20%	5 bliana

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laghdú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain.

g) Léas oibriúcháin

Caitear le híocaíochtaí cíosa sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus sna cúlchistí ioncaim coinnithe sa bhliain lena mbaineann siad.

h) Sochair scoir**Cineál scéimeanna**

Féidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993, agus tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail na Seirbhíse Poiblí (an “Scéim Shamhlach”).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí – tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime (an “Scéim Aonair”).

Scéimeanna neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Státhiste a mhaoiníonn na sochair phinsin. Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socrúithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí comhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);
- cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá ranníocaíochtaí fostóra a íocann an tÚdarás cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D;
- tá gealltanais follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státhiste na costais nuair a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, measann an tÚdarás gur leis an Údarás féin a fhanann an oibleagáid sochair phinsin a íoc ach tá an Státhiste tiomanta do chistí leordhóthanacha a chur ar fáil don Údarás chun oibleagáidí den sórt sin a íoc de réir mar is gá, ar choinníoll go n-íocann an tÚdarás ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhóistóra ar rátaí arna sonrú ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais oibleagáid sochair pinsin iarchurtha agus maoiniú pinsin infhála iarchurtha ón státhiste araon, agus tá sonraí iomlána ar íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh sna ráitis airgeadais mar mhír chaiteachais agus is ann d'ioncam comhfhreagrach a sheasann d'fhorchúiteamh na n-íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Gnóthachain nó caillteanais achtúireacha na scéime

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don iarmhéid le haghaidh maoiniú sochair scoir iarchurtha ón státhiste.

Is iad costais phinsin sa ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe atá i gceist le ranníocaíocht an fhóistóra sa bhliain.

Dlíteanais scéime

Tomhaistear dlíteanais scéime ag luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte go dtí seo ag foireann an Údaráis Pinsean ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe.

Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar mhaoiniú sochair iarchurtha ón státhiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide maidir le dlíteanais na scéime pinsin.

i) Cúlchiste caipitil i gcomhair cuntais coigiltis scoir phearsanta

Is éard atá sa cúlchiste seo ná an tsuim gan amúchadh den deontas stáit a úsáideadh le sócmhainní seasta atá bainteach le riarachán PRSA a cheannach agus déantar í a amúchadh ar aon dul le dímhéas na sócmhainní bainteacha a fuarthas. Úsáideadh an cúlchiste iomlán in 2015 agus tá iarmhéid 2016 cothrom le nialas.

j) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

Ós rud é gur comhlacht rialála reachtúil é an tÚdarás a bhfuil de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, mar aon le forfheidhmiú an chomhlíonta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Údarás dul chun dlí ó am go chéile.

D'fhéadfadh sé go dtarraingeodh a leithéid de chaingean costais shuntasacha ar an Údarás i gcásanna áirithe. Ní féidir a thuairiscíú uair a thíocfadh cásanna den sórt sin chun cinn ná cá mhéad a chosnóidís, ach tá an tÚdarás den tuairim gur stuama an rud é a leithéid de chostais a roinnt thar na blianta d'fhonn a chinntiú go mbeadh fáil ar a dhóthain acmhainní in am an ghátair.

Aistrítear suimeanna ón ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar cúlchistí ioncaim coinnithe chuig an gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta dá réir sin nuair a mheastar is gá.

Aistrítear suimeanna ón gcúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta chuig an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar cúlchistí ioncaim coinnithe i gcás imeachtaí móra dlí .i. achomharc ar chaingean dlí san ard-chúirt.

k) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta thábhachtacha

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dáta an chláir chomhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhrí a bheith éagsúil leis na meastacháin sin mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin.

Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímhéas agus luachanna iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaol sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara de gach aicme sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhóna agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de tháil as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Oibleagáid sochair scoir

Maidir leis na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte), déantar iad a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar na toimhdí sin:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáiltas ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo
- (iii) rátaí treochta ar chostas cúraim sláinte, ráta an bhoilscithe ar chostas leighis sna réigiúin ábhartha.

2. Ioncam eile

Ioncam eile	2016 €	2015 €
Ioncam ó ús	15,167	44,722
Aisghabháil costas ionchúisimh	5,656	6,002
Ioncam ilghnéitheach	–	650
	20,823	51,374

3. Costais fostaithe

B'ionann meánlíon na bhfostaithe coibhéise lánaimseartha le linn na bliana agus 49 (2015, 42) agus b'ionann an Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus 61.5 ag deireadh 2016 (2015, 51). Is mar seo a leanas a bhí na costais chomhiomlána fostaithe agus párolla:

Costais fostaithe	2016 €	2015 €
Tuarastail	2,547,204	2,322,828
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra	651,379	598,434
Ranníocaíochtaí ÁSPC an fhostóra	225,695	199,124
Sochair aoisliúntais iníochta	231,657	359,885
Foireann ghníomhaireachta/shealadach	5,922	28,066
	3,661,857	3,508,337

Raon na Sochar Iomlán d'Fhostaithe ²		Líon na bhfostaithe	
Ó €	Go €	2016	2015
60,000	69,999	6	4
70,000	79,999	3	3
80,000	89,999	2	1
90,000	99,999	4	4
100,000	109,999	1	1
110,000	119,999	-	-
120,000	129,999	-	-
130,000	139,999	-	-
140,000	149,999	1	1

2 Tá na figiúirí de réir na ngrád mar atá leagtha amach i gclár 28/2009

4. Luach saothair an Rialtóra Pinsean³

Luach saothair an Rialtóra Pinsean	2016 €	2015 €
Tuarastal	143,535	143,535
Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra	35,884	35,884
	179,419	179,419

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Rialtóra Pinsean na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha amach i samhail scéim aoisliúntais na hearnála poiblí le sochar sainithe.

5. Táillí chomhaltaí an Údaráis

Táillí an Údaráis		
Ainm	2016 €	2015 €
Jane Williams	—	20,520
David Begg	19,934	—
Anne Vaughan	—	—
Ann Nolan	—	—
	19,934	20,520

³ San áireamh i gcostais fostaithe i nóta 3

6. Cíos agus costais oifige

Cíos agus costais oifige	2016 €	2015 €
Cíos	426,002	490,662
Táille sheirbhíse	63,569	60,655
Rátaí	57,278	48,753
Leictreachas	24,247	24,925
Glantachán	24,515	22,640
Cothabháil ghinearálta	28,651	13,121
Stóras lasmuigh den láthair	2,232	2,604
	626,494	663,360

Tá an tÚdarás lonnaithe in áitreabh oifige ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliana, ar cuireadh tús leis an 16 Iúil 2001. Rinne an tÚdarás léas breise le haghaidh an tríú hurlár de Theach Verschoyle ón 21 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 15 Iúil 2026.

7. Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann

Oiliúint, oideachas, agus costais a bhaineann leis an bhfoireann	2016 €	2015 €
Oiliúint agus oideachas	125,997	99,311
Costais a bhaineann leis an bhfoireann ⁴	13,853	27,537
	139,850	126,848

8. Faisnéis, taighde, agus poiblíocht

Faisnéis, taighde, agus poiblíocht	2016 €	2015 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta	154,105	132,814
Clódóireacht, foilseacháin, agus láithreán gréasáin	38,216	27,130
Taighde	28,813	20,419
	221,134	180,363

⁴ Costais cheaintín, deonacháin do chlub spórt agus sóisialta na foirne, agus gníomhaíochtaí eile san áireamh

9. Táillí gairmiúla

Táillí gairmiúla	2016 €	2015 €
Comhairle dhlí	172,088	79,184
Tacaíocht d'iniúchtaí agus do chomhlíonadh	-	72,120
Forbairt tionscadal	156,535	142,802
Comhairleacht maidir le feabhsú an chórais	79,322	—
Comhairleacht taighde	22,344	62,077
Táillí ar iniúchadh inmheánach	14,883	14,268
Táillí ar iniúchadh reachtúil	15,000	15,000
Comhairleacht earcaíochta	6,948	69,157
Caidreamh poiblí	2,103	3,272
Eile	27,947	25,371
	497,170	483,251

10. Riarachán ginearálta

Riarachán ginearálta	2016 €	2015 €
Costais stáiseanóireachta agus riaracháin ⁵	45,352	53,822
Síntiúis chorparáideacha	144,136	132,388
Teileafón agus postas	28,846	33,747
Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin	206,924	126,622
Taisteal agus cothú ⁶	27,989	24,416
Árachas	52,082	50,433
Táillí bainc	3,494	3,991
	508,823	425,419

5 Áirítear leis seo táillí do chomhaltaí an Choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta de €4,796

6 Tá san áireamh i gcostais taistil agus cothaithe:

- Taisteal thar lear, €23,332
- Costais an rialtóra pinsean – €7,530 (lena n-áirítear €3,217 do thaisteal thar lear) (2015 - €4,744 taisteal thar lear go príomha)

Bhain an taisteal thar lear go príomha leis an bpáirt a ghlacann an tÚdarás i ngníomhaíocht i ndáil le polasaí rialála agus maoirseachta an AE, go háirithe freastal ar chruinnithe den Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (EIOPA)

11. Réadmhaoín, gléasra agus trealamh

	Feabhsú ar léasacht €	Trealamh ríomhaireachta €	Oifig troscán €	Trealamh oifige €	Iomlán €
Costas nó Luacháil					
Amhail ar an 1 Eanáir 2016	1,163,434	1,186,113	216,795	79,802	2,646,144
Breiseanna sa bhliain	–	277,650	5,698	626	283,974
Diúscairtí sa bhliain	–	(23,125)	–	(17,756)	(40,881)
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	1,163,434	1,440,638	222,493	62,672	2,889,237
Dímheas Carntha					
Amhail ar an 1 Eanáir 2016	1,149,004	1,058,901	204,340	74,902	2,487,147
Muirear don bhliain	2,499	112,522	3,551	2,840	121,412
Diúscairtí sa bhliain	–	(23,125)	–	(17,756)	(40,881)
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	1,151,503	1,148,298	207,891	59,986	2,567,678
Glanluach de réir na leabhar					
Amhail ar an 31 Nollaig 2015	14,430	127,212	12,455	4,900	158,997
Amhail ar an 31 Nollaig 2016	11,931	292,340	14,602	2,686	321,559

12. Infháiltais

Suimeanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin:	2016 €	2015 €
Ioncam ó tháillí	460,000	420,000
Ús fabhráithe infhaighte	9,964	28,901
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	84,374	43,309
Féichiúnaithe, eile	99,418	45,521
	653,756	537,731

13. Suimeanna iníoctha

Suimeanna a bheidh dlíte laistigh de bhliain amháin:	2016 €	2015 Athshonraithe €
Fabhruithe creidiúnaí	212,519	164,437
Fabhruithe caipitil	35,960	12,798
Pá saoire fabhráithe	43,705	44,388
Creidiúnaí cánach	84,950	84,313
Creidiúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí	10,000	–
Creidiúnaithe trádála	–	84,016
	387,134	389,952

14. Ceangaltais airgeadais**(i) Ceangaltais chaipitil**

Ba ann do cheangaltais chaipitil dar luach €16,414 amhail ar an 31 Nollaig 2016.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá na ceangaltais a bheidh le híoc ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

	2016 €	2015 €
Laistigh de 1 bhliain amháin	558,400	396,567
2-5 bliana	2,233,600	1,660,000
Os cionn 5 bliana	2,534,277	2,297,849
	5,326,277	4,354,416

Aithnítear íocaíochtaí léasa mar chostas.

15. Cúlchiste caipitil i gcomhair Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

	2016 €	2015 €
Ag tús na bliana	—	29,339
Aistriú chuig an Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe	—	—
Amúchadh - rudaí a fuarthas i mblianta roimhe	—	(29,339)
Ag deireadh na bliana	—	—

16. Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontachta

	2016 €	2015 €
Amhail ag tús na bliana agus ag a deireadh	1,500,000	1,500,000

17. Réiteach an bharrachais don bhliain leis an nglan-insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2016 €	2015 Athshonraithe €
Barrachas don bhliain	532,449	563,021
Míreanna nach míreanna oibriúcháin iad		
Ioncam airgeadais	(15,167)	(41,645)
Míreanna nach míreanna airgid iad		
Aistriú ón gcúlchiste caipitil i gcomhair PRSA	–	(29,339)
Dímheas	121,412	170,722
(Méadú) ar infháltais	(134,962)	(42,976)
(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha neamhchaipitil	(25,980)	124,991
Glan-insreabhadh airgid de thoradh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin	477,751	744,774

18. Anailís ar athruithe ar ghlanchistí

	Amhail ar an 1 Eanáir 2016 €	Sreabhadh airgid €	Amhail ar an 31 Nollaig 2016 €
Airgead sa bhanc agus ar láimh	437,504	4,884	442,388
Taiscí gearrthéarmacha	7,281,146	246,160	7,527,306
	7,718,650	251,044	7,969,694

19. Cur chuige cuntasáíochta i leith sochair scoir

Feidhmíonn an tÚdarás na scéimeanna pinsin le sochar sainithe seo a leanas i leith a chuid fostaithe:

I gcás fostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aoisliúntais an Údaráis Pinsean, 1993, agus an Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí, 1993 (tá struchtúr na scéime seo bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).

I gcás fostaithe a ceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013:

- Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí (tugann an struchtúr seo pinsin le sochar sainithe atá nasctha leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí agus atá bunaithe ar mheánphá gairmréime).

Scéimeanna reachtúla neamh-mhaoinithe is ea na scéimeanna agus is é an Stáitchiste a mhaoiníonn na sochair phinsin faoi na scéimeanna.

Ina theannta sin, tá roinnt gnéithe ar leith ag baint le socruithe an Údaráis:

- déanann an tÚdarás ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (i leith na Scéime Samhla) agus leis an Roinn Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na Scéime Aonair);

- cuimsíonn na ranníocaíochtaí i ndáil leis an dá scéim idir ghné fostaithe agus ghné fostóra. Tá an ranníocaíocht fostóra cothrom le 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta A agus le 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ar ráta D, agus is é an tÚdarás a íocann í;
- tá gealltanas follasach tugtha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go n-íocfaidh an Státchiste costais na sochar nuair a bhíonn siad dlite.

Luacháil achtúireach

Chomisiúnaigh an tÚdarás luacháil achtúireach ar dhliteanais sochar scoir faoi FRS102 ag dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus ar chostas na sochar (costais seirbhíse) a fhabhraítear i rith na bliana. Bunaíodh an luacháil sin ar an modh aonaid tionscadail, agus bhí na heochairthoimhdí airgeadais seo a leanas mar bhunphrionsabal ann (déantar comparáid le 2015):

	An 31 Nollaig 2016	An 31 Nollaig 2015
Ráta lascaine ⁷	1.90% in aghaidh na bliana	2.60% in aghaidh na bliana
Ráta boilscithe	1.75% in aghaidh na bliana	1.50% in aghaidh na bliana
Méaduithe ar phinsin atá á n-íoc	2.75% in aghaidh na bliana	2.50% in aghaidh na bliana
Méadú ar thuarastail inphinsin	2.75% in aghaidh na bliana	2.50% in aghaidh na bliana

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí déimeagrafacha a úsáideadh chun na dliteanais sochair scoir a ríomh faoi FRS102 ag tús agus ag deireadh na tréimhse:

	An 31 Nollaig 2016		An 31 Nollaig 2015	
Básmhaireacht: roimh dhul ar scor	Dada		Dada	
Básmhaireacht: tar éis dul ar scor	58% (fir) de ILT15 62% (mná) de ILT15, agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh		62% (fir)/70% (mná) de tháblaí básmhaireachta PNML00/PNFL00 agus feabhas amach anseo ar an mbásmhaireacht á chur san áireamh	
Ionchas saoil ag aois 65:	Fir	Mná	Fir	Mná
Dáta FRS:	21.3	23.8	22.7	23.5
Dáta FRS + 20 bliain:	24.0	26.4	25.1	25.6
Scor	Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.		Glactar leis go dtéann 70% díobh sin a bhfuil an rogha acu ar scor ag aois 60 bliain, agus glactar leis go dtéann na baill eile ar fad ar scor ag an ngnáth-aois scoir.	
Bearna san aois	Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineanann 3 bliana níos óige ná a chéile.		Glactar leis go bhfuil comhalta fireann 3 bliana níos sine ná a chéile agus glactar leis go bhfuil comhalta baineanann 3 bliana níos óige ná a chéile.	

⁷ Sonraítear an ráta lascaine faoi FRS102 agus tá sé bunaithe ar an bhfáltas ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin ar an dáta luachála.

Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas

	2016 €000	2015 €000
Ranníocaíocht iomláin an fhostóra	651	598
Costas seirbhíse reatha ⁸	690	747
Costas úis	428	393
Costas iar-sheirbhíse	0	0
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin iarchurtha an státhchiste	(1,118)	(1,140)
Méid iomlán a chuirtear chun dochar an ráitis ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe	651	598

Gluaiseacht ar ghlandliteanas pinsin

	2016 €000	2015 €000
Glandliteanas pinsin ar an 1 Eanáir	16,582	17,069
Costas seirbhíse reatha	690	747
Costas úis	428	393
Costas iar-sheirbhíse	0	0
(Gnóthachain)/caillteanas ó thaithí ar dhliteanas scéime	(357)	(142)
Athrú sna toimhdí	3,357	(1,125)
Sochair a fócadh i rith na bliana	(232)	(360)
Glandliteanas pinsean ar an 31 Nollaig	20,468	16,582

8 Áirítear leis an gcostas seirbhíse reatha ranníocaíochtaí fostaithe de luach iomlán €119,000 in 2016 agus €121,000 in 2015

Asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais

Is mar seo a leanas a bhí iomlán na n-asbhaintí agus na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

	2016 €	2015 €
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra ⁹	651,379	599,586
Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí	118,882	121,357
Asbhaint a bhaineann le pinsean ⁹	125,556	144,401
	895,816	865,344

20. Nochtadh idirbheart

Tá Cód Cleachtais um Iompar Gnó i bhfeidhm ag an Údarás i leith comhaltaí dá chuid de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuimsítear leis an gCód um Iompar Gnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana atá cuimsithe sna ráitis airgeadais seo. Ní dhearnadh aon idirbheart airgeadais in 2016 le comhaltaí an Údaráis ach amháin na táillí Údaráis atá mionsonraithe i Nóta 5 a íoc. Níor tharla sé gur nocht comhalta den Údarás leas airgeadais i rith 2016.

21. Cáin

Tá an tÚdarás díolmhaithe ón gCáin Chorporáide de réir Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh comhaltaí an Údaráis na ráitis airgeadais ar an 7 Meitheamh 2017.

⁹ Go teicniúil, ní ranníocaíocht phinsin atá san Asbhaint a bhaineann le Pinsean agus, ar an ábhar sin, eisíodh í ó na nochtuithe thíos.

AGUISÍN I

Ionchúisimh a raibh an tÚdarás Pinsean páirteach iontu in 2016

Líon	Ainm an cháis	An t-alt bainteach d'Acht na bPinsean	Pionós
1	Paul Deegan ag trádáil mar Tudor Tiles (scéim pinsin neamh-CWPS)	S18	Ciontaithe
2	Paul Deegan ag trádáil mar Tudor Tiles (scéim pinsin CWPS)	S58A(1)	Fíneáil €500
3	Paul Deegan ag trádáil mar Tudor Tiles (scéim pinsin CWPS)	S18	Ciontaithe
4	Earthworks Profiling Ltd	S18	Fíneáil €400
5	Cornelius Farrell, stiúrthóir C F Quality Decorators Ltd	S58A(1)	Fíneáil €100
6	Michael Harrington Plant Hire (Beara) Ltd	S58A(1)	Fíneáil €2,000
	Michael Harrington, stiúrthóir Michael Harrington Plant Hire (Beara) Ltd	S58A(1)	Fíneáil €2,000
7	Charles McCarthy Plumbing Ltd	S58A(1)	Fíneáil €500
8	Aidan McGurn, stiúrthóir Aidan McGurn Construction Ltd	S58A(1)	Fíneáil €1,000
9	Aidan McGurn, stiúrthóir AMC Labour Hire Ltd	S58A(1)	Ciontaithe
10	Gerry Neilon, stiúrthóir Gerry Neilon Scaffolding Ltd	S18	Príosúnacht 6 mhí, ar fionraí ar feadh 2 bhliain.
	Raymond Neilon, stiúrthóir Gerry Neilon Scaffolding Ltd	S18	Príosúnacht 6 mhí, ar fionraí ar feadh 2 bhliain.
11	O'Grady Crane Hire Ltd	S18	Fíneáil €100
	Liam O'Grady, stiúrthóir O'Grady Crane Hire Ltd	S18	Ciontaithe
12	Rice Insulations Ltd	S58A(1)	Fíneáil €1,750
	Edward Rice, stiúrthóir Rice Insulations Ltd	S58A(1)	Fíneáil €1,750
	Liam Rice, stiúrthóir Rice Insulations Ltd	S58A(1)	Fíneáil €1,750

AGUISÍN II

Ballraíocht i scéimeanna pinsin ceirde agus i gCuntais Coigiltis Scoir Phearsanta

Tábla 1: Líon na scéimeanna agus ballraíocht reatha iontu amhail ar an 31 Nollaig 2016

Líon na scéimeanna agus baill ghníomhach iontu amhail ar an 31 Nollaig 2016								
Méid na Scéime	Le Ranníocaíocht Shainithe		Le Sochar Sainithe				Gach Scéim	
			Faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe		Nach bhfuil faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe			
	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha	Líon na Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Caltha	n/b	n/b	212	0	0	0	212	0
Á fhoirceannadh	n/b	n/b	32	0	0	0	32	0
Nach grúpa	57,666	57,666	0	0	2	2	57,668	57,668
1 go dtí 50	9,317	60,918	262	3,576	39	771	9,618	65,265
51 go dtí 99	339	23,520	52	3,794	11	748	402	28,062
100 go dtí 500	305	62,354	80	20,552	21	4,304	406	87,210
501 go dtí 1000	46	31,658	18	11,228	7	5,389	71	48,275
1001+	30	63,666	21	72,385	21	348,859	72	484,910
Iomlán in 2016	67,703	299,782	677	111,535	101	360,073	68,481	771,390
Iomlán in 2015	67,125	281,629	715	125,995	99	339,155	67,939	746,739
Athrú ó 2015	578	18,153	-38	-14,460	2	20,918	542	24,651

Tábla 2: PRSanna amhail ar an 31 Nollaig 2016

	Deireadh 2016	Deireadh 2015	Athrú
Líon iomlán na gconarthaí:	250,719	237,608	13,111
• Gnáthchonarthaí PRSA	185,707	176,784	8,923
• Conarthaí PRSA nach gnáthchonarthaí iad	65,012	60,824	4,188
Iomlán na sócmhainní:	€5.6 billiún	€5.2 billiún	€0.4 billiún



An tÚdarás Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02KX27

Teileafón: (01) 613 1900
www.pensionsauthority.ie

ISSN 1649 8690